

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta Gaeilge, Gaeltacht agus Oileáin

Meán Fómhair 2015



Comóradh 1916 – Ionad nua cultúrtha agus cuairteoirí ag Teach an Phiarsaigh

Rinne an Taoiseach, Éanna Ó Cionnaith T.D., an chéad fhód a chasadh do mhóirionad cultúrtha agus cuairteoirí ag Teach an Phiarsaigh, Ros Muc, Co. na Gaillimhe ar an 6 Iúil 2015. Tá an t-ionad ar cheann de na hocht mhóirthonscadal caipitil atá mar chuid lárnach den snáithe *Machnamh ar an Stair* in Éire 2016 Clár Comórtha Céad Bliain, an clár gníomhaíochta bliana chun imeachtaí Éirí Amach 1916 a chomóradh.

Tá Teach an Phiarsaigh suite i dtaobh tíre álainn i Ros Muc, áit ar chaith Pádraig Mac Piarais, duine de cheannairí Éirí Amach 1916, samhraí na mblianta ó 1909 go 1915. Tabharfaidh an t-ionad nua ag Teach an Phiarsaigh deis do chuairteoirí chuig Gaeltacht Chonamara páirt ghníomhach a ghlacadh i dteanga agus i gcultúr comhaimseartha na hÉireann.

Fáilte chuig an chéad eagrán de nuachtlitir na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le forbairtí Gaeilge, Gaeltachta agus Oileáin.

Is é cuspóir na nuachtlitreach léargas a thabhairt ar chlár oibre leanúnach na Roinne maidir le tacú le forbairt phobal na Gaeltachta, cothú agus cur chun cinn na Gaeilge agus feabhsú an chaighdeáin mhaireachtála ar na hoileáin.

Tugtar faoi obair na Roinne sna réimsí tábhachtacha seo i gcomhar le réimse leathan páirtithe leasmhara a chuimsíonn ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, údaráis áitiúla agus, go háirithe, pobail dheonacha áitiúla ar fud na tíre. Is mór againn a gcomhoibriú leanúnach a chinntíonn go n-éireoidh leis na cláir agus na tionscadail éagsúla.

Ó ceapadh mé i m'Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta i mí Iúil 2014, tá mé thar a bheith tógtha leis an méid oibre atá idir lámha agus leis an dea-thoil, an ghairmiúlacht agus an tiomantas a léiríonn gach duine a bhfuil baint acu leis seo. Is mór an phribhléid dom a bheith in ann páirt a bheith agam san obair thábhachtach seo a thugann cosaint dá n-oidhreacht teangeolaíoch agus chultúrtha don todhchaí.

Joe McHugh



Dermot McCabe ó Ailtirí Simon J. Kelly, Seán Kyne T.D., An Taoiseach, Éanna Ó Cionnaith T.D., an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh T.D. agus Brian Walsh T.D.

"Creidim go mbeidh an t-ionad ina lárphointe a mheallfaidh cuairteoirí chuig ceantar a bhfuil mórán le fáil ann ó thaobh teanga, cultúr agus oidhreacht agus go gcuirfidh sé béim ar áilleacht nádúrtha Chonamara. Tá sé tábhachtach freisin go mbeidh Teach an Phiarsaigh ina shárphointe ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin." An Taoiseach.

Cuimseofar ceithre ghné san fhorbairt, lena n-áirítear ionad nua do chuairteoirí, Cosán Chonamara (ina mbeidh 5 heicteár agus cuarshiúlóidí), Slí na Coille (spás léirmhínte ina ndíreofar ar shaol agus ar shaothar Phádraig Mhic Piarais) agus Teach an Phiarsaigh, atá ann cheana. Tá an fhorbairt faoi chúram Údarás na Gaeltachta mar chuid de ghrúpa stiúrtha a chuimsíonn Comhairle Contae na Gaillimhe, Oifig na nOibreacha Poiblí, Fáilte Éireann agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.



An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

ÉIRE 2016

An Teanga Bheo

Tá an Ghaeilge ina gné lárnach d'Éire 2016 Clár Comórtha Céad Bliain. Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ag comhordú an Chláir Ghaeilge i gcomhar le réimse leathan príomhpháirtithe leasmhara. Diríonn An Teanga Bheo ar réimse imeachtaí agus gníomhaíochtaí trí Ghaeilge a chur ar fáil. Is é príomhfhócas an Chláir Ghaeilge:

- gach comhpháirt den chlár a ailíniú leis na 5 phríomhthéama a bhaineann le himeachtaí stairiúla 1916 a thabhairt chun cuimhne, a thabhairt chun réitigh, a chur i láthair, a shamhlú agus a cheiliúradh, a mhéid a bhaineann siad leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht;
- an teanga a chur i láthair mar ghné uathúil dár bhféiniúlacht, dár sochaí, dár stair agus dár gcultúr;
- feachtas, rannpháirtíocht, díospóireacht, machnamh agus athshamhlú an phobail a spreagadh maidir leis an nGaeilge, an t-am atá caite, an t-am i láthair agus an t-am atá amach romhainn;
- béim a chur ar thábhacht agus ar luach intreach na Gaeltachta, agus
- suim agus rannpháirtíocht dhaoine óga i gClár Gaeilge Éire 2016 a spreagadh.

Tá €250,000 leithdháilte don chlár ag an Roinn in 2015 agus meastar go gcuirfear maoiniú breise ar fáil in 2016. Tá an clár eagraithe thart ar na príomhghnéithe seo a leanas: imeachtaí ardphróifil; comhpháirtíochtaí meán cumarsáide; léachtaí, díospóireachtaí, seimineáir; acmhainní foghlama ar líne; clár digitithe agus imeachtaí ealaíon.

Tá cuireadh tugtha d'eagraíochtaí tograí maoinithe a chur isteach faoin gclár. Tá na tograí seo á meas faoi láthair agus fógrófar na leithdháiltí atá ceadaithe go luath.

Tuilleadh eolais: www.Ireland.ie.

'TECHSPACE AS GAEILGE'

Scileanna 21ú aois á bhforbairt trí chlár óige TCF ar ardchaighdeán.

Is tionscadal nuálach é Techspace as Gaeilge atá dírithe ar dhaoine óga ar spéis leo a gcuid taithí agus scileanna sna meáin dhigiteacha a fhorbairt. Is comhfhiontar é idir an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Camara Ireland Ltd.

Is gréasán náisiúnta é TechSpace de spásanna meáin dhigiteacha in ionaid óige agus scoileanna. Cuidíonn an gréasán le daoine óga chun ábhar digiteach agus teicneolaíoch a chruthú agus iad páirteach i ngníomhaíochtaí ar nós scannán digiteach, dearadh gréasáin, forbairt aipeanna fón póca agus róbataic. Faoi stiúir theagascóirí agus mheantóirí oilte, beidh daoine óga in ann feabhas a chur ar a gcumas ríomhaireachta, agus feabhas a chur ar a bhféinmhuinín agus ar a gcuid scileanna sóisialta ag an am céanna. Tá clár TechSpace, atá ar fáil go sonrach do dhaoine ar mhaith leo é a úsáid i nGaeilge, ar fáil anois.



Sa phictiúr ar chlé ag seoladh Techspace as Gaeilge - Seán Ó hÉanaigh, RTÉ RnaG, Nóirín Ní Chonghaile, TG4, Rónán Mac Con Iomaire, RTÉ agus Micheál Ó Foighil, Coláiste Lurgan.

Agus é ag seoladh an chláir le déanaí, dúirt an tAire McHugh,

"Cuirim fáilte chroíúil roimh TechSpace as Gaeilge mar go bhfuil sé dírithe go príomha ar dhéagóirí. Mar is eol dúinn ar fad, tá spéis mhór agus scileanna ag daoine óga sa teicneolaíocht agus tá siad compordach i ré dhigiteach an lae inniu. Níl aon amhras ormsa ach go mbainfidh siadsan agus an Ghaeilge leas mór as an chlár nuálach seo agus go mbeidh mórán deiseanna fostaíochta ar fáil dóibh san earnáil chruthaitheach sa todhchaí mar thoradh ar an taithí a gheobhaidh siad uaidh."

Beidh baint ag os cionn 375 oideoir agus duine óg le TechSpace as Gaeilge, atá á mhaoiniú faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, agus spreagfar iad chun a muinín chruthaitheach a fhorbairt agus chun an Ghaeilge a úsáid le dreamanna nua go háitiúil, go náisiúnta agus ar fud na cruinne.



creative learning for young people



An Roinn
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

Dámhachtainí bronnata ar dhaoine as Meiriceá Thuaidh chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge



Lisa Nic an Bhreithimh agus an Dr. Dara Fitzgerald, Coimisiún Fulbright, James Kelly FOEC, an Dr. Aodhán Mac Cormaic agus Séamus Mac Giolla Chomhaill, REOG, in éineacht le faighteoirí na nDámhachtainí Samhraidh Gaeltachta ó na Stáit Aontaithe agus Ceanada in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an Cheathrú Rua.

Níos luaithe an mhí seo bronnadh dámhachtainí ar chúigear déag foghlaimeoirí Gaeilge as na Stáit Aontaithe agus ceathrar foghlaimeoirí Gaeilge as Ceanada in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua. Bronnadh dámhachtainí freisin ar cheathrar teagascóirí Gaeilge a roghnaigh Fondúireacht Ollscoil Éireann Ceanada (FOEC) chun an Ghaeilge a theagasc i réimse suíomhanna ar fud Ceanada don bhliain acadúil 2015-16.

Tá na dámhachtainí seo á mbronnadh mar thoradh ar chomhoibriú leanúnach atá cothaithe idir an REOG, Coimisiún na hÉireann-Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil (Fulbright) agus FOEC. Léiríonn siad an spéis mhór atá sa Ghaeilge sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada áit a roghnaíonn mórán foghlaimeoirí Gaeilge freastal ar chúrsaí in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, an Cheathrú Rua, agus in ionaid eile, gach bliain. Tá na Dámhachtainí rithábhachtach ó thaobh tacú le foghlaimeoirí agus teagascóirí Gaeilge i Meiriceá Thuaidh, agus cuireann siad eispéireas iontach tumthach ar fáil a thugann san áireamh turais, ceol traidisiúnta, seanchas agus na háiteanna is breátha in Éirinn, gan trácht ar fhoghlaim na Gaeilge. - Tá na dámhachtainí á maoiniú i gcomhpháirtíocht le hollscoileanna agus le hinstiitíidí sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada araon.

Dúirt Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua Choimisiún na hÉireann-Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil, an Dr. Dara FitzGerald, "Tá Dámhachtainí Samhraidh na Gaeltachta, atá anois sa chúigiú bliain, ag méadú i gcónaí agus ag mealladh réimse éagsúil iarratasóirí. Comhlánaíonn siad croídhámhachtainí an Choimisiúin trí ghearrispéiris thumthacha i dteanga agus i gcultúr saibhir na hÉireann a chur ar fáil do shaoránaigh na Stát Aontaithe. Cuirimid fáilte roimh thacaíocht leanúnach Rialtas na hÉireann don chlár seo a chuir ar chumas 67 saoránach as na Stáit Aontaithe freastal ar chúrsaí Gaeltachta ar fud na hÉireann i mbliana."

Dúirt Príomhfheidhmeannach FOEC, James Kelly "Tá cultúr agus oidhreacht shuibhir, chomhroinnte ag Éirinn agus Ceanada, agus tá 4.5 milliún duine i gCeanada atá in ann a rá gur as Éirinn a tháinig a sin. I mbliana, tá muid ag ceapadh seisear teagascóirí Gaeilge a thabharfaidh an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach anonn chuig ollscoileanna agus pobail ar fud Ceanada le linn na bliana acadúla atá amach romhainn. Chomh maith leis sin, tá 18 scoláireacht bronnata againn ar mhic léinn as Ceanada chun freastal ar dhianchúrsaí Gaeilge anseo sa Ghaeltacht. Is eispéireas iontach agus múnlaiteach do mhic léinn na hÉireann agus Ceanada araon é an clár seo ó tharla go dtugann sé deis do ghlúin nua tuiscint níos fearr a fháil ar an nasc idir an dá thír, agus cur leis an nasc sin ag an am céanna."

An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Is í an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 bunchloch pholasáí an Rialtais maidir leis an nGaeilge. Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta freagrach as comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise i gcomhar le réimse leathan príomhpháirtithe leasmhara.

Leagtar amach réimsí gnímh sa Straitéis faoi naoi gcinn de cheannteidil. Is iad sin Oideachas, an Ghaeltacht, an Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh, Riarachán, Seirbhísí agus Pobal, na Meáin agus an Teicneolaíocht, Foclóirí, Reachtaíocht agus Stádas, Saol Eacnamaíochta agus Tionscnaimh Leathana.

An Próiseas Pleanála Teanga faoi Acht na Gaeltachta 2012

Cuireann Acht na Gaeltachta 2012, atá ina pháirt lárnach den Straitéis, an creat reachtaíochta ar fáil do chur i bhfeidhm córasach an phróisis pleanála teanga faoin Acht. Tá an próiseas seo á chur i bhfeidhm ag an REOG i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge. Maidir leis an nGaeltacht, tá tús curtha ag 13 de na 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta leis an bpróiseas pleanála teanga. Leanfaidh cur i bhfeidhm céimneach an phróisis maidir leis na 13 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta eile in 2015 agus 2016. Chuir an Roinn €200,000 ar fáil d'Údarás na Gaeltachta in 2014 agus arís in 2015 chun cabhrú le heagraíochtaí a bhfuil baint acu le hullmhú pleananna teanga.

Bailte Seirbhíse Gaeltachta

Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí foilsíodh liosta de bhailte a d'fhéadfadh a bheith ainmnithe mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta i mí na Nollag 2014, agus tús áite tugtha do Chathair na Gaillimhe, Leitir Ceanainn agus Daingean Uí Chúis. Seo a leanas liosta iomlán na mbailte:

<i>Contae</i>	<i>Baile</i>
Dún na nGall	Leitir Ceanainn
	An Clochán Liath
	Baile Dhún na nGall
Maigh Eo	Béal an Mhuirthead
	Caisleán an Bharraigh
	Baile an Róba
Gaillimh	Cathair na Gaillimhe
	An Clochán
	Daingean Uí Chúis
Ciarraí	Trá Lí
	Cathair Saidhbhín
	Cathair Chorcaí
Corcaigh	Maigh Chromtha
	Dún Garbhán
	Baile Átha Buí
Port Láirge	An Uaimh

Líonraí Gaeilge

Is limistéar iad na Líonraí Gaeilge a bhfuil mais chriticiúil bhunúsach de thacaíocht phobail agus Stáit bainte amach acu don Ghaeilge. Tabharfar aitheantas faoin Acht do Líonraí Gaeilge ar bhonn pleananna teanga a bheidh aontaithe le pobail na líonraí éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe.

Tá Foras na Gaeilge freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Líonraí Gaeilge agus tá léirithe spéise ó eagraíochtaí i limistéir a d'fhéadfadh a bheith ainmnithe amach anseo mar Líonraí Gaeilge lorgtha le déanaí. Táthar ag súil go mbeidh eagraíochtaí roghnaithe chun pleananna a ullmhú faoi dheireadh 2015.

Tá na tuarascálacha is déanaí ó ranna ábhartha Rialtais ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain ar fáil ag: <http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/FeidhmiunaStraiteise/>.

Aran LIFE

Is togra taispeána é togra AranLIFE a oibreoidh ar thrí Oileán Árann thar thréimhse 4 bliana ó 2014-2017. Is é €2,597,685 buiséad iomlán an tionscadail agus tiocfaidh 75% den mhaoiniú seo ó chlár LIFE+ an Aontais Eorpaigh. Tá an 25% eile ag teacht ó na comhpháirtithe seo a leanas: an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Teagasc, an Chomhairle Oidhreachta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Comhairle Contae na Gaillimhe agus Fáilte Éireann.

Tá 68 feirm ar fud thrí oileán Árann ag glacadh páirte sa togra a bhfuil sé mar chuspóir aige na cleachtais bainistithe caomhantais is fearr atá ag na feirmeoirí áitiúla a fhorbairt agus a léiriú ar shuíomhanna ainmnithe Natura 2000 ar na hoileáin. Is gnáthóga iad seo atá faoi chosaint ar mhaithe le flóra agus fána a bhfuil tábhacht Eorpach leo.

Tá an togra seo ag baint leas as eolas agus taithí feirmeoireachta áitiúil agus saineolas eolaíoch chomhpháirtithe eile an togra chun roinnt de na dúshláin a bhaineann le feirmeoireacht ar oileán a shárú agus stádas caomhantais na suíomhanna ainmnithe a fheabhsú.

Tá foireann de thriúr ag obair ar an togra agus tá sé bunaithe ar Oileán Árann ar feadh tréimhse 4 bliana an togra. Beidh siad ag obair le baill an phobail feirmeoireachta ar gach aon cheann de na hoileáin le linn na tréimhse sin ar réimse leathan gníomhaíochtaí, ar na hoileáin agus sa phobal i gcoitinne.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an gclár ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nó aranlife.ie.



Lárionad Forbartha Gaeilge agus Fiontraíochta

Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí

D'oscail an tAire Stáit don Diaspóra, Jimmy Deenihan T.D., lárionad nua, **An Lárionad Forbartha Gaeilge agus Gaeltachta**, go hoifigiúil i mBaile an Fheirtéaraigh ar an 26 Meitheamh 2015. Tá achar de 1,400 méadar cearnach san fhoirgneamh agus cuirfear réimse gníomhaíochtaí agus cúrsaí ar fáil ann trí Ghaeilge. Tá roinnt aonad fiontraíochta ann agus cuirtear seirbhísí agus áiseanna ar fáil ann atá fiúntach don phobal áitiúil.

Chuir an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta beagnach €2 milliún de chostas iomlán na forbartha de €3.5 milliún ar fáil, agus ba iad Údarás na Gaeltachta agus Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne a mhaoinigh an chuid eile den chostas. Dúirt an tAire Deenihan go raibh sé sásta go ndearna an Stát infheistíocht chomh suntasach sa cheantar tábhachtach Gaeltachta seo.



Tá Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne agus a fhochuideachtaí, Coláistí Chorca Dhuibhne agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne, lonnaithe sa Lárionad. Ar an suíomh freisin tá ionad tacaíochta teaghlaigh, áiseanna réamhscoile agus clós spraoi poiblí, chomh maith le haonaid fiontar le hÚdarás na Gaeltachta atá ar fáil ar léas do ghnólachtaí nua.

Tá ról lárnach ag an gComharchumann i bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus teangeolaíoch leithinis Chorca Dhuibhne agus tá siad thar a bheith bródúil as a n-ionad forbartha. Cinnteoidh an Lárionad go bhfuil áis bhuan ar fáil sa cheantar a rachaidh chun leasa an phobail, a thacóidh le caomhnú na Gaeilge agus a chuirfidh fostaíocht ar fáil do na glúine amach romhainn.



Déanfaidh 2,500 scoláire freastal ar chúrsaí sa Lárionad i mbliana, agus is fiú €7 milliún na cúrsaí seo do gheilleagar Chorca Dhuibhne. Cinntíonn an fhorbairt seo anois go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais forbartha gnó Chorca Dhuibhne agus cuideoidh sí chun tuilleadh fostaíochta a mhealladh isteach sa cheantar." Gearóid Ó Brosnacháin, Bainisteoir, Oidhreacht Chorca Dhuibhne.

Tá ceannródáíocht déanta ag Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne ar ghníomhaíochtaí Gaeilge sa cheantar le blianta fada agus cuideoidh an t-ionad nua seo chun an obair sin a threisiú agus a fhorbairt tuilleadh. Chomh maith le maoiniú caipitil, cuireann an REOG maoiniú reatha de thart ar €0.5 milliún ar fáil d'Oidhreacht Chorca Dhuibhne chun réimse tionscnamh pleanála teanga a eagrú.

Radox Teoranta, An Clochán Liath

Tá cead tugtha ag an Rialtas do phlean Údarás na Gaeltachta €5 mhilliún de chúnamh deontais Taighde & Forbartha a infheistiú thar thréimhse 5 bliana i Radox Teo ar an Chlochán Liath, Co. Dhún na nGall. Cuirfidh an infheistíocht sin ar chumas Radox Teo a áis ar an Chlochán Liath a fhorbairt mar ionad barrfeabhais taighde agus forbartha le haghaidh teicneolaíocht bhitheolaíoch agus trealamh diagnóiseach mar atá beartaithe faoi straitéis na comhlachta dar teideal *Dungloe 2020*.



An Dr Peter Fitzgerald, Stiúrthóir Bainistíochta Radox Teo., an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh T.D., Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta agus an Dr. Ciaran Richardson, Príomh -Eolaí Taighde le Radox Teo.

Bunaíodh Radox Teo sa bhliain 2008 ar an Chlochán Liath. Tá 85 duine fostaithe ag an gcomhlacht faoi láthair agus déanfar 40 duine breise a earcú faoi dheireadh 2015. Tá Radox Teo mar chuid den ghrúpa domhanda, Radox Holdings Ltd., atá ar an 20 comhlacht diagnóiseach bithcheimic is mó ar domhan agus is branda domhanda é a bhfuil a tháirgí ar díol aige in níos mó ná 145 tír.

Ag cur fáilte roimh an infheistíocht mhór seo, dúirt an tAire McHugh: "Léiríonn an cinneadh seo tiomantas an Stáit d'fhostaíocht a dhaingniú i gceantair ar nós an Clochán Liath chun pobail inmharthana tuaithe a chothabháil agus, go háirithe, chun tacú leis an Ghaeilge mar theanga an phobail i gceantar láidir Gaeltachta. I gcomhthéacs Phlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Poist 2015, ina bhfuil fócas faoi leith ar fhorbairt réigiúnach, tá áthas ach go háirithe orm a fheiceáil go bhfuil sé beartaithe ag Radox Teo go mbeidh 125 fostaí acu ar an Chlochán Liath faoi dheireadh 2015 agus go mbeidh an sprioc fostaíochta de 450 post bainte amach acu roimh dheireadh na bliana 2020."

Dar le hÚdarás na Gaeltachta, mar chuid d'fhorbairt Radox sna blianta atá amach romhainn, déanfaidh an chuideachta €25m breise a infheistiú ina cuid oibríochtaí ar an Chlochán Liath sa tréimhse suas go dtí 2020 agus beidh buntáistí ansin do réigiún an Iarthuaiscirt ar fad, go háirithe i réimsí na hinnealtóireachta agus na heolaíochtaí beatha. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar www.udaras.ie.

Tá an obair tosaithe ar héileapad nua ar Thoraigh. Tá maoiniú de thart ar €250,000 á chur ar fáil ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta do Chomhairle Contae Dhún na nGall don fhorbairt seo.

Is seirbhís ríthábhachtach do phobal an oileáin í seirbhís héileacaptair an gheimhridh nuair a bhíonn deacracht ag an bhád farantóireachta dul amach de bharr na drochaimsire. Cinnteoidh an fhorbairt nua seo go mbeidh bealach níos sábháilte ann le dul isteach ar an oileán.



Le blianta beaga anuas, tá maoiniú do chuideachtaí forbartha ar na hoileáin, nach oileáin Ghaeltachta iad, curtha ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Mar thoradh ar athruithe ar an tsamhail mhaoinithe do chomhlachtaí forbartha áitiúla níos luaithe i mbliana, bhí todhchaí na n-eagraíochtaí sin in amhras. Ag eascairt as comhráite a bhí ag an Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh T.D., leis an Aire Alan Kelly agus leis an Aire Stáit Ann Phelan sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, thángthas ar chomhaontú maidir le maoiniú na gcomhlachtaí forbartha seo.

Mar thoradh air sin, tá maoiniú de €300,000 deimhnithe idir an dá Roinn chun a chinntiú nach mbeidh laghdú ar bith ar mhaoiniú do na heagraíochtaí le hais 2014. Beidh Comhar na nOileán Teo freagrach as riar an chiste in 2015.

An Ghaeilge san AE

Bronnadh stádas iomlán mar theanga oifigiúil agus oibre ar an nGaeilge san AE ó 2007. Mar gheall ar cheisteanna earcaíochta agus acmhainní, áfach, cuireadh maolú sealadach i bhfeidhm ar feadh na dtréimhsí 2007 go 2011 agus 2012 go 2016. Tá cinneadh d'aon ghuth ó Chomhairle an AE ag teastáil maidir le síneadh a chur leis an maolú, é a leasú nó deireadh a chur leis ó 2017 ar aghaidh.

Tá sé tábhachtach don Rialtas go mbeadh an Ghaeilge ina teanga iomlán oibre d'institiúidí an AE agus tá siad tiomanta do dheireadh a chur leis an maolú. Tuigeann an Rialtas freisin, áfach, go bhfuil ábhar inní ann faoi líon leordhóthanach aistritheoirí, dlítheangeolaithe agus cúntóirí aistriúcháin le Gaeilge a earcú agus na himpleachtaí acmhainne a bhainfeadh le tréimhse oiriúnúcháin in institiúidí an AE.

Is sa chomhthéacs sin atá an Rialtas ag lorg comhaontú i gComhairle an Aontais Eorpaigh le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena gcuirfear síneadh cúig bliana leis an maolú, ag féachaint le deireadh a chur leis ar an 31 Nollaig 2021. Chomh maith leis sin, táthar ag moladh cur chuige incriminteach a ghlacadh i dtaobh seirbhísí breise a chur ar fáil chun scóip an mhaolaithe a chúngú sa tréimhse eatramhach.

Tá bearta suntasacha, atá ag teacht leis an gcur chuige sin, á ndéanamh ag an Rialtas freisin chun imthosca a chruthú ina mbeidh go leor céimithe cáilithe ar fáil le freastal ar riachtanais earcaíochta an AE.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge, a fhaigheann maoiniú ón REOG, tá socruithe nua do chúrsaí ábhartha tríú leibhéal á gcur i bhfeidhm faoi láthair ag an REOG i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an Údarás um Ard-Oideachas.

Cuirfear na socruithe seo, lena n-áirítear fócas níos mó ar inniúlacht i 3 theanga oifigiúla, i bhfeidhm sna hinstiúidí tríú leibhéal ó fhómhar 2015 ar aghaidh. Is é is aidhm leis na socruithe seo ná an ráta ráthúlachta i gcomórtais earcaíochta an AE a fheabhsú, chomh maith le céimithe a ullmhú d'fhostaíocht in institiúidí an AE.



Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge

Faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge, cuireann an Roinn cuidiú ar fáil do theaghlaigh Gaeltachta a choinníonn scoláirí a fhreastalaíonn ar choláistí Gaeilge sa Ghaeltacht ar iostas. Tugann seo deis do scoláirí a bheith líofa i nGaeilge tríd an teagmháil a bhíonn acu le cainteoirí dúchais Gaeilge. Is sárshampla Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge de thurasóireacht chultúrtha inbhuanaithe sa Ghaeltacht. Tá na coláistí samhraidh seo, a bhfuil ról lárnach acu sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, ríthábhachtach don Ghaeltacht - ó thaobh an gheilleagair agus an chultúir de araon.

Le blianta beaga anuas tá an fhreagracht fhoriomlán as na coláistí samhraidh Gaeilge bronnata ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus tá feabhas leanúnach á chur ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag na coláistí agus na teaghlaigh a choinníonn scoláirí. Áiríonn na seirbhísí sin oiliúint chuí, teagasc feabhsaithe agus bearta sábháilteachta agus slándála níos fearr. Tá nósanna imeachta soiléire agus láidre in áit i dtaca le cosaint leanaí sna coláistí samhraidh Gaeilge agus sna teaghlaigh lóistín ina bhfanann na scoláirí.

Chomh maith leis sin, cuidíonn an Roinn, i gcomhar le Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh (CONCOS) - an scáth-eagraíocht do na coláistí - le hoiliúint agus le cóitseáil fhostaithe na gcoláistí maidir le cur i bhfeidhm na dtreoirínte in *Tús Áite do Leanaí*, laistigh agus lasmuigh


den seomra ranga, agus sna teaghlaigh ina bhfuil na scoláirí ar iostas. Comhlíonann na bearta sábháilteachta i ngach teaghlach atá aitheanta faoin scéim na caighdeáin atá leagtha síos ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Cuireann eagraíochtaí Gaeilge, cultúrtha agus spóirt, chomh maith le roinnt údarás áitiúil, scoláireachtaí ar fáil ó am go ham, chun cabhrú le scoláirí ar mian leo freastal ar choláiste Gaeilge sa Ghaeltacht. Cuireann cuid de na coláistí Gaeilge féin scoláireachtaí ar fáil freisin.

Tá anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí a bhaineann leis na coláistí Gaeilge sa Ghaeltacht sa tuarascáil *Tionchar na gColáistí Gaeilge ar an Teanga agus ar phobal na Gaeltachta*. (<http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/tionchar-na-gcolaisti-gaeilge-ar-an-teanga-agus-ar-phobal-na-gaeltachta-samhain-2013.pdf>) Tá torthaí an staidéir, a foilsíodh níos luaithe i

mbliana, dearfach den chuid is mó maidir le tionchar na gcoláistí Gaeilge.

Beidh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ag breathnú ar tháthar na tuarascála, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, i gcomhthéacs polasaí amach anseo maidir leis na coláistí Gaeilge. Chomh maith leis sin, beidh an Roinn ag dul i mbun comhráite le CONCOS (cónaidhm na gcoláistí Gaeilge) maidir leis na moltaí sa tuarascáil, lena n-áirítear bealaí chun feabhas a chur ar rochtain ar na coláistí Gaeilge.

2014		
Contae	Foghlaimeoirí	Iomlán €
Dún na nGall	4,293	659,543.00
Maigh Eo	3,002	280,438.00
Gaillimh	11,209	2,137,934.50
Ciarraí	1,562	247,743.00
Corcaigh	652	79,979.50
Port Láirge	697	78,187.00
An Mhí	345	56,924.00
Coláistí lasmuigh den Ghaeltacht	476	41,905.00
Iomlán	22,236	3,582,654



Nóta a d'fhág scoláire tar éis ceithre shamhradh a chaitheamh i gColáiste Bhríde, Rann na Feirste.

Ionad Óige na hÉireann, Drom Rí



Traic Ó Braonáin, Michelle Ní Ghialláin, an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh T.D., agus Caitríona Ní Cheallaigh in Ionad na hÓige, Drom Rí.

Cuireadh fáilte mhór roimh an Aire Stáit, Joe McHugh T.D., nuair a thug sé cuairt ar **Ionad Óige na hÉireann, Drom Rí** ar an 14 Iúil 2015. Tagann an club óige seo - a bunaíodh in 2011 – faoi scáth **Choláiste na bhFiann**, a bunaíodh beagnach 50 bliain ó shin ionas go mbeadh deis ag scoláirí a dhéanann freastal ar choláistí samhraidh Gaeilge an teanga a chleachtadh le linn na bliana taobh amuigh den seomra ranga. Tá Coláiste na bhFiann ar cheann de na 6 cheanneagraíochtaí atá ceaptha ag Foras na Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Tá an eagraíocht dírithe go príomha ar líonraí agus deiseanna a fhorbairt do dhaoine óga chun an Ghaeilge a labhairt i dtimpeallacht fháiltiúil a spreagann meon dearfach i leith na teanga. Is léir go bhfuil an obair seo ag dul ó neart go neart ó tharla go bhfuil os cionn 3,000 duine óg cheana féin ag freastal ar 62 club óige ar fud na tíre gach seachtain faoi choimirce Chumann na bhFiann.

Mhol an tAire an réimse leathan gníomhaíochtaí taitneamhacha a eagraíonn Cumann na bhFiann ar feadh na bliana, chomh maith leis an oiliúint a chuireann siad ar fáil do na maoirseoirí uile. Dúirt sé go gcuireann Ionad Óige na hÉireann Drom Rí, agus clubanna eile ar fud na tíre, deis do dhaoine óga a spéiseanna féin a fhorbairt trí Ghaeilge. Chuir sé béim ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna sóisialta agus comhaimseartha a chur ar fáil chun an Ghaeilge a choinneáil beo bríomhar i measc daoine óga.

Ba í príomhtheachtaireacht an Aire don slua i nDrom Rí ná go bhfuil cúpla focal Gaeilge, - Dia dhuit - más é do thoil é - go raibh maith agat - tá fáilte romhat - ná habair é - dún an doras - suigh síos - bí ciúin - slán abhaile - ag beagnach gach duine in Éirinn, agus mhol sé go n-úsáidfeadh gach duine na frásaí sin ar bhonn rialta i gcomhrá agus ar ardán cumhachtach na meán sóisialta.

Coláiste Uisce - Contae Mhaigh Eo

Tá deontas ceadaithe ag an REOG chun cur ar chumas Choláiste UISCE, an Eachléim, Co. Mhaigh Eo, cúrsa Gaeilge a reáchtáil arís i mbliana atá oiriúnaithe go speisialta do dhéagóirí na Gaeltachta agus do scoláirí le caighdeán ard Gaeilge a bhíonn ag freastal ar Ghaelcholáistí na tíre. Is é príomhaidhm an chúrsa seo scileanna ceannaireachta teanga a fhorbairt i measc an lucht freastail. Tá tuilleadh eolais faoin gcoláiste ar fáil ag eolas@uisce.ie.



MOLTAÍ NUA POLASAÍ D'OIDEACHAS GAELTACHTA


Sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O Sullivan T.D., agus an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh T.D., plécháipéis "Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta" ar an 5 Bealtaine 2015. Tá sé i gceist leis na moltaí oideachas trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht a threisiú mar chuid den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Molann na tograí gur cheart réimse beart a thabhairt isteach chun a chinntiú go bhfaighidh scoláirí oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta. Moltar freisin breis acmhainní a chur ar fáil. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna hacmhainní sin: tacaí teanga do chainteoirí dúchais, acmhainní teagaisc feabhsaithe agus forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus do phríomhoidí, agus curaclam a bheadh ábhartha do chainteoirí dúchais.

Tá na tograí múnlaite ag mórstaidéir taighde ar thaithí na scoileanna Gaeltachta agus comhthéacs mionteangacha ar fud an domhain, mar shampla, sa Bhreatain Bheag, in Albain, sa Nua Shéalainn, i dTír na mBascach agus i gCeanada. Tá próiseas comhairliúcháin leathan idir lámha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna sula gcuirfear an polasaí críochnaitheach faoi bhráid an Rialtais le faomhadh.

Sonraí Teagmhála don REOG

23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 D02 TD30	(01) 631 3800 LoCall 1890 383 000
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe H91 KX39	(091) 592 555 / 503 700 LoCall 1890 201 401
An Bóthar Nua, Cill Airne, Contae Chiarraí V93 A49X	(064) 662 7300 LoCall 1890 273 000
Páirc Gnó Ghaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall, F92 AK61	07495) 36800
An Phreasoifig press.office@ahg.gov.ie	(01) 631 3807/ (01) 631 3838



An Roinn
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht